Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018
(OR. en)

8217/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0231 (COD)**

CODEC 608
CLIMA 67
ENV 245
ENER 124
TRANS 160
AGRI 186
COMPET 240
ECOFIN 350

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón Liotuáin**

Tacaíonn an Liotuáin go mór le Comhaontú Pháras agus le freagrachtaí coiteanna an Aontais i ndáil leis an aeráid. Rannchuideoidh an Liotuáin le cur chun feidhme ghealltanais an Aontais agus é comhaontaithe aici freisin laghdú a bhaint amach ar a hastaíochtaí gás ceaptha teasa náisiúnta faoin sprioc in 2030 mar a moladh sa Rialachán maidir le comhroinnt díchill.

Is ionann agus 66% de líon fhoriomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa na hearnálacha neamh-ETS. Tá formhór na n-astaíochtaí ag teacht ó earnálacha an iompair agus na talmhaíochta, eadhon 38% agus 35%. Tá an Liotuáin ar cheann de na tíortha leis an leibhéal is lú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa *per capita*. Bhain an Liotuáin an laghdú is mó gás ceaptha teasa de 58.2% amach i gcomparáid le leibhéal 1990 idir Ballstáit an Aontais in 2015[1]. Is próiseas fadtéarmach ag an Liotuáin astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú - cúram a ghlacfaidh ullmhúchán agus acmhainní leordhóthanacha.

Tá roinnt gnéithe i dtéacs comhréitigh deiridh an Rialacháin maidir le comhroinnt díchill a bheidh inghlactha ag an Liotuáin. Mar sin féin, cuirfidh tabhairt chun cinn an túsdháta go dtí lár 2019 i ndáil leis an gconair líneach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú oibleagáid ar an Liotuáin tabhairt faoi oibleagáidí atá i bhfad Éireann níos dúshlánaí ná mar atá ar a cumas a dhéanamh i láthair na huaire.

Cuirfidh an túsdáta is túisce ná sin, gealltanais bhreise maolúcháin ar an Liotuáin, a bheidh i gcleachtas fritorthúil chun sprioc 2030 ar an tslí is costéifeachtaí a bhaint amach.

Tabharfar tús áite don infheistiú i mbearta chun maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide seachas acmhainní teoranta a chaitheamh le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí. Ní fheictear dúinne, dá réir sin, aon chúis réasúnta do bhuiséad an-docht le haghaidh leithdháiltí bliantúla astaíochtaí ó thús na chéad tréimhse eile.

Chuir an Liotuáin a himní thuasluaite in iúl i gcaitheamh na caibidlíochta ar fad, ach níor cuireadh an imní sin san áireamh. Fágann sin nach féidir leis an Liotuáin tacú leis an téacs comhréitigh deiridh.

## Ráiteas ó Mhálta

Athdhearbhaíonn Málta a thiomantas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aeráide a mhéad is féidir agus rannchuidiú le spriocanna Chomhaontú Pháras agus le sprioc an Aontais, eadhon astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe a bhaint amach ar fud na hEorpa sna hearnálacha sin nach dtagann faoi raon feidhme chóras trádála astaíochtaí an Aontais, ó 30% faoi 2030 i gcomparáid leis na leibhéil sin in 2005.

Is mór ag Málta go n-aithnítear a shrianta sonracha chun géarlaghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa GCT sna hearnálacha neamh-ETS ó 2013 go dtí 2030, trí Mhálta a áirithiú in Iarscríbhinn IV sa Rialachán maidir le comhroinnt díchill. Meastar mar sin féin do Mhálta, nach leor leibhéal an choigeartaithe a áirítear, ar an ábhar nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar fhírinne an scéil maidir le staid Mhálta tar éis na tréimhse 2020 ó tharla gurb é Málta an Ballstát:

[1] Forbairt inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas Eorpach AN TUARASCÁIL FAIREACHÁIN AR DHUL CHUN CINN I gCOMHTHÉACS AE SDGS, Eurostat, eagrán 2017, lch. 263 http://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/8461633/KS-04-17-780-EN-N.pdf/f7694981-6190-46fb-99d6-d092ce04083f

- leis an leibhéal is lú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa *per capita* ar fud an Aontais sna hearnálacha neamh-ETS;

- le struchtúr eacnamaíoch nach bhfuil dian ar charbón.

Meastar go bhfuil an iarracht atáthar ag iarraidh ar Mhálta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo díréireach, i bhfianaise freisin gurb é Málta an t-astaíre is lú i ndearbhthéarmaí agus ar bhunús *per capita*.

Chuir Málta na hábhair imní seo in iúl go leanúnach i gcaitheamh phróiseas na caibidlíochta agus dá bhrí sin agus i gcomhleanúnachas leis an seasamh a bhí aige níos túisce, ní féidir le Málta tacú le glacadh an rialacháin seo, ar an ábhar go bhfágann sé an Ballstát seo fós ar dhian-chonair go dtí 2030.